Bileog 9

# Gairm sna Taibhealaíona agus sna hEalaíona Cruthaitheacha

An duine cruthaitheach tú? Tá saol na n-ealaíon Gaeilge beo bríomhar! Tá deiseanna gairmiúla ann do cheoltóirí, amhránaithe, aisteoirí, ealaíontóirí agus scríbhneoirí, gan ach roinnt samplaí a lua. Is iomaí deis atá ann do Ghaeilgeoirí sna Taibhealaíona, cibé acu is mian leat a bheith ar stáitse agus i lár an aonaigh, nó tumtha san obair thábhachtach a tharlaíonn ar chúl stáitse. Mar aon leis na cúrsaí atá luaite sa tábla thíos, cuirtear cúrsaí ar fáil ag **The Lir Academy (Coláiste na Tríonóide), Gaiety School of Acting, agus ag Bow Street Academy, mar shampla**. B'fhéidir go bhfuil dúil agat sa scríbhneoireacht chruthaitheach – tá scoth na leabhar á gcur amach ag tithe foilsitheoireachta na Gaeilge i láthair na huaire. Más ealaíontóir thú, is fiú féachaint ar na cúrsaí Béarla a chuirtear ar fáil ag IADT Dhún Laoghaire, NCAD (Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha) agus Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford chomh maith. Is baolach nach bhfuil aon chúrsa dá leithéid ar fáil trí Ghaeilge i láthair na huaire. Féach thíos **samplaí** de na cúrsaí a bhfuil baint acu leis an nGaeilge nó leis an gcultúr Gaelach:

| Cód | Cúrsa | Cáilíocht | Institiúid/Ollscoil | Cód QR |
|---|---|---|---|---|
| GY118 | Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Staidéar Taibhithe & Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| GY130 | Ealaíona (Ceol) & Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| DN530 | Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha | BA | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | |
| DN520 | Léann na Drámaíochta & Gaeilge | BA | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | |
| LM132 | Rince Gaelach | BA | Ollscoil Luimnigh | |
| LM131 | Ceol Gaelach | BA | Ollscoil Luimnigh | |
| LM134 | Guth | BA | Ollscoil Luimnigh | |
| LM135 | Ceol Domhanda | BA | Ollscoil Luimnigh | |
| TR025 | Léann na Drámaíochta & Gaeilge | BA | Coláiste na Tríonóide | |
| DC009 | Ceol & Gaeilge | BA | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | |
| MH101<br>MH103 | Ceol & Nua-Ghaeilge | BA<br>BMus | Ollscoil Mhá Nuad | |
| MI002 | Ceol & Gaeilge | BA | Coláiste Mhuire Gan Smál | |
| CK101<br>CK104 | Staidéar sa Cheol/Gaeilge<br>Ealaíona (Ceol) & Gaeilge | BA<br>BMus | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | |
| WD200 | Léann na hAmharclannaíochta & Gaeilge | BA | SETU Campas Phort Láirge | |
| Q5W3 (cód UCAS) | Gaeilge & Ceol | BA | Ollscoil Uladh | |
| Q5W4 (cód UCAS) | Gaeilge & Drámaíocht | BA | Ollscoil Uladh | |
| | Nua-Ghaeilge (Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge) | MA | Ollscoil Mhá Nuad | |
| | Ceol Traidisiúnta na hÉireann | MA | Ollscoil Mhá Nuad | |

Bileog 9

# Gairm sna Taibhealaíona agus sna hEalaíona Cruthaitheacha







## Amharclannaíocht

Samplaí de chineálacha post: Aisteoir, stiúrthóir, léiritheoir, bainisteoir teicniúil, dearthóir feistis, ealaíontóir smididh, díolacháin, bainisteoir stáitse, oifigeach cumarsáide.

» An Taibhdhearc: Amharclann Náisiúnta na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe.

» Amharclann na Mainistreach: Amharclann Náisiúnta na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

» Fíbín: Compántas amharclannaíochta Gaeilge i nGaillimh.

» Branar: Ar cheann de phríomhchompántais amharclannaíochta na hÉireann a chruthaíonn saothar ealaíne do pháistí.

» Macnas: Compántas amharclannaíochta i nGaillimh.

» Amharclann Ghaoth Dobhair: Amharclann Ghaeilge i gcroílár na Gaeltachta.

» Siamsa Tíre: An Daonamharclann Náisiúnta agus Ionad Ealaíon i dTrá Lí, Co. Chiarraí.



**Isobel Ní Nuanáin: Bainisteoir Fhoirgneamh na Taibhdheirce**

Bhain mé BA sa Ghaeilge agus Cumarsáid amach ó Ollscoil na Gaillimhe i 2023, agus thosaigh mé ag obair sa rannóg margaíochta in Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, an Taibhdhearc. Fuaireas taithí iontach agus chuidigh na scileanna a d'fhoghlaim mé san Ollscoil go mór liom.

Táim anois i mbun go leor obair riaracháin, ag cinntiú go bhfuil na ceadúnais suas chun dáta agus ag plé le daoine a bhfuil spéis acu an t-ionad a fháil ar cíos. Is breá liom a bheith ag obair in áit chomh saibhir ó thaobh stair na Gaeilge de.

An Taibhdhearc
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge
National Irish Language Theatre

Fíbín Media




ABBEY THEATRE
AMHARCLANN NA MAINISTREACH

Siamsa Tíre

BRANAR



# Gairm sna Taibhealaíona agus sna hEalaíona Cruthaitheacha






**AerachAiteachGaelach:** comharghrúpa corraitheach ealaíne a chuir Ciara Ní É agus Eoin Mc Evoy ar bun sa bhliain 2020 in Amharclann na Mainistreach. Cuirtear deiseanna forbartha, gréasán tacaíochta agus ardán ar fáil d'ealaíontóirí LADTAIÉ+ na Gaeilge.

## Féilte Gaelacha – samplaí:

- Oireachtas na Gaeilge
- Imram - Féile Litríochta
- Cúirt - Féile Litríochta
- Féile na Gealaí
- Féile na Bealtaine
- An Fhéile Bheag Filíochta
- Féile Liteartha Chorca Dhuibhne
- Féile na Laoch
- Liú Lúnasa
- Féile Ealaíon Cheatharlach (Éigse)
- Féile an Phobail
- Féile Ealaíne Earagail
- Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe

## Na hIonaid Ealaíon – samplaí:

- Stiúideo Cuan, an Spidéal
- Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne, Corcaigh
- Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara
- Ionad Ealaíon Draíocht, Baile Bhlainséir BÁC
- Áras Chrónáin, BÁC
- Ionad Ealaíon na Gaillimhe
- Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste
- Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
- Cultúrlann Aonach Mhacha, Ard Mhacha
- Stiúideo Feirste, Béal Feirste

**Ealaín na Gaeltachta:** Comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon a oibríonn ar mhaithe le forbairt na nEalaíon Dúchasach agus Comhaimseartha sa Ghaeltacht. Cuirtear Seirbhísí agus scéimeanna deontais ar fáil chomh maith.

# Gairm sna Taibhealaíona agus sna hEalaíona Cruthaitheacha

**Deis iontach in Ollscoil Mhá Nuad:** sruth MA Nua-Ghaeilge i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge.

Seo é an t-aon chúrsa MA lán-Ghaeilge sa tír inar féidir tabhairt faoin gcleachtas cruthaitheach go praiticiúil trí mheán na Gaeilge – is féidir le mic léinn a bheith ag rince, ag seinm ceoil, i mbun amhránaíochta, i mbun amharclannaíochta, nó i mbun ceapadóireachta mar chuid dá gcúrsa MA.

Scoláireachtaí ar fáil d'ealaíontóirí a thugann faoin sruth MA Nua-Ghaeilge i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge:

- Scoláireacht an Oireachtais (€3000)
- Scoláireacht de chuid Ollscoil Mhá Nuad (€2000)

**Gach eolas faoi na scoláireachtaí:**

## Foilsitheoireacht na Gaeilge

**Samplaí de chineálacha post sa réimse seo:** scríbhneoir, eagarthóir, eagarthóir cúnta, maisitheoir, bainisteoir ginearálta, bainisteoir díolachán, oifigeach cumarsáide, bainisteoir margaíochta.

Tá borradh faoi fhoilsitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge le blianta anuas. Seo cuid de na tithe foilsitheoireachta Gaeilge:

- An Gúm
- Cló Iar-Chonnacht
- Futa Fata
- Barzaz
- Leabhar Breac
- LeabhairCOMHAR
- Cló Léann na Gaeilge
- An Sagart
- An tSnáithaid Mhór
- Éabhlóid
- FÁS (Foilseacháin Ábhair Spioradálta)

**Saol an fhoilsitheora – Tadhg Mac Dhonnagáin, Futa Fata:**










"Cabhraíonn an **foilsitheoir** le scríbhneoirí agus le maisitheoirí a gcuid smaointe a fhorbairt agus na scéalta a chruthaíonn siad a fhoilsiú i bhfoirm leabhair. Le bheith i d'**eagarthóir**, is gá go mbeadh an-tuiscint agat ar struchtúr scéil, ar fhorbairt carachtar agus ar theicnící scríbhneoireachta. Is gá ardchaighdeán scríbhneoireachta a bheith agat chomh maith. Ról eile ná **oifigeach poiblíochta** - bíonn an duine sin ag cabhrú le poiblíocht a dhéanamh ar leabhar nua. Is gá scil a bheith acu in ábhar a chruthú do na meáin shóisialta, chomh maith le sárscileanna cumarsáide le go mbeidh siad in ann gréasán láidir teagmhálacha a chothú i measc iriseoirí, craoltóirí agus tionchairí."

**Ar mhaith leat a bheith i do scríbhneoir Gaeilge?**
**Seo cúpla nod:**





**Físeán faoi na scoláireachtaí in Ollscoil Mhá Nuad:**

**Leabhrán Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):**

**www.saoloibre.ie**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2024**